2025/842

7.5.2025

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/842 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6 Bealtaine 2025**

**lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) agus Airteagal 30f(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá earráid sa leagan Fraincise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún ([2]) i roinn 1, pointe 8 d'Iarscríbhinn IIIa, a mhéid a bhaineann le sainmhíniú an phlean eitilte is déanaí. Tugadh an earráid isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2493 ón gCoimisiún ([3]) agus déantar difear léi do shubstaint na forála sin.

(2) Tá earráid sa leagan Sualainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 sa tábla, an iontráil a bhaineann le 'Gás múcháin chun críoch Airteagal 43(4)', an dara colún, in Iarscríbhinn VII, a mhéid a bhaineann le híosmhinicíocht na n-anailísí, agus tá earráid i roinn 1, pointe 8(a) d'Iarscríbhinn X, a mhéid a bhaineann leis na haonaid tomhais atá le húsáid sa tuairisciú. Tugadh na hearráidí sin isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2493 freisin. Leis na hearráidí sin athraítear substaint na bhforálacha sin, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chearta agus d'oibleagáidí oibreoirí eacnamaíocha.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Fraincise agus an leagan Sualainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Athrú Aeráide, arna tabhairt sular glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2493,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)*

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2066/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2493 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2024, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a mhéid a bhaineann leis an bhfaireachán agus an tuairisciú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a thabhairt cothrom le dáta de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/2493, 27.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2493/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Bealtaine 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN